V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN COIMISIÚN EORPACH

Glao ar iarratais ar phróiseas roghnúcháin an Rialaitheora ráthaíochtaí nós imeachta i gcomhthéacs imscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)

COM/2021/20062

Is é cuspóir an ghlao seo ar iarratais gur féidir an Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta a cheapadh (an "Rialaitheoir"), i gcomhthéacs imscrúduithe a dhéanann an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Déanfar an Rialaitheoir a fhostú mar Chomhairleoir Speisialta faoi Airteagal 5 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

1. AN RIALAITHEOIR RÁTHAÍOCHTAÍ NÓS IMEACHTA

Is feidhm nua é an Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta a bunaíodh le hAirteagal 9a de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) chun ráthaíochtaí nós imeachta agus cearta bunúsacha a chosaint agus a chomhlíonadh i gcomhthéacs imscrúduithe OLAF.

Féadfaidh na daoine lena mbaineann gearáin a thaisceadh leis an Rialaitheoir maidir le comhlíontacht OLAF i leith na ráthaíochtaí nós imeachta, agus ar an bhforas gur sáraíodh na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe a dhéanann OLAF, go háirithe sáruithe ar cheanglais nós imeachta agus ar chearta bunúsacha. Tá an Rialaitheoir freagrach as moltaí a eisiúint faoin gcaoi le gearáin a réiteach, ina molfadh sé, más gá, réitigh fhéideartha ar na saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán.

Tuairisceoidh an Rialaitheoir ar fheidhmiú a fheidhme, ar bhonn bliantúil, do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún, do Choiste Maoirseachta OLAF agus do OLAF. Ní dhéanfaidh sé tagairt do chásanna aonair atá faoi imscrúdú agus áiritheoidh sé rúndacht na n-imscrúduithe fiú tar éis a ndúnta. Tuairisceoidh an Rialaitheoir don Choiste Maoirseachta maidir le haon saincheist shistéamach a eascróidh as a mholtaí.

Ní mór don Rialaitheoir a bheith iomlán neamhspleách agus feidhmeanna an phoist á bhfeidhmiú aige (tá neamhspleáchas ar Choiste Maoirseachta OLAF ([2]) agus ar OLAF san áireamh sa mhéid sin) agus ní lorgóidh ná ní ghlacfaidh an Rialaitheoir treoracha ó aon duine maidir lena chuid dualgas a dhéanamh.

Tá feidhm an Rialaitheora ceangailte de Choiste Maoirseachta OLAF, i.e. a Rúnaíocht. Soláthróidh Rúnaíocht an Choiste Maoirseachta gach tacaíocht riaracháin agus dhlíthiúil is gá don Rialaitheoir.

Beidh tréimhse oifige 5 bliana ag an Rialaitheoir agus ní dhéanfar an tréimhse sin a athnuachan. Ag deireadh na tréimhse oifige, fanfaidh an Rialaitheoir in oifig go dtí go gceapfar duine eile ina ionad.

Meastar go mbeidh ar an Rialaitheoir idir 5 lá agus 8 lá a chaitheamh i mbun a chúraimí in aghaidh na míosa.

2. CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

Ní mór d'iarrthóirí:

— A bheith ina náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach, agus a bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49).

([2]) https://europa.eu/supervisory-committee-olaf/

— Leibhéal oideachais sa Dlí a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr;

— Deich mbliana ar a laghad de thaithí oibre a bheith acu i bpoist atá ábhartha do ról an Rialaitheora de réir an chur síos thuas, taithí a fuarthas tar éis dóibh na cáilíochtaí a bhfuil tagairt dóibh thuas a bhaint amach;

— Gan feidhm pholaitiúil ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal Eorpach a bheith acu ag dul i mbun a bhfeidhme dóibh;

— Gan bheith ina mball foirne in institiúid, i gcomhlacht nó i ngníomhaireacht de chuid an Aontais ag dul i mbun a bhfeidhme dóibh;

— Gan bheith ina gcomhaltaí de sheirbhís náisiúnta comhordúcháin frith-chalaoise de réir bhrí Airteagal 3(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ag dul i mbun a bhfeidhme dóibh;

— A bheith iomlán neamhspleách ar chomhlachtaí nó ar údaráis náisiúnta ag dul i mbun a bhfeidhme dóibh;

— A bheith in ann ráthaíochtaí neamhspleáchais a thairiscint agus gan coinbhleacht leasa a bheith ann maidir le haon ghníomhaíochtaí gairmiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh san am céanna le ról an Rialaitheora;

— Eolas cuimsitheach a bheith acu ar dhá theanga oifigiúla de chuid institiúidí an Aontais a theastaíonn chun na dualgais a dhéanamh (ní mór d'iarrthóirí leibhéal an eolais atá acu ar theangacha oifigiúla eile a chur in iúl freisin);

3. **CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN**

Roghnófar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis ar bhonn a cháilíochtaí pearsanta agus gairmiúla agus ar bhonn taithí oibre fairsinge a bhfuil cruthúnas uirthi.

3.1. **Critéir ghairmiúla**

— Teist chruthaithe 10 mbliana ar a laghad d'eolas ábhartha agus de thaithí oibre, lena n-áirítear cleachtas dlíthiúil nó breithiúnach ardleibhéil, i réimsí na ráthaíochtaí nós imeachta lena n-áirítear i gcomhthéacs achomharc rialála agus/nó nósanna imeachta maidir le gearáin a láimhseáil;

— Eolas an-mhaith ar dhlí an Aontais, go háirithe dlí riaracháin an Aontais, cearta bunúsacha agus ar ráthaíochtaí nós imeachta nó i réimsí eile a bhaineann le hobair OLAF;

— Saineolas nó taithí bhainistíochta a bheith acu ar cheisteanna a bhaineann le hobair OLAF a imscrúdú/déileáil leo, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa agus éilliú;

— Taithí a bheith acu ar dhéileáil le gearáin nó caingne os comhair na cúirte;

3.2. **Critéir phearsanta**

— Eolas ginearálta leordhóthanach a bheith acu ar bheartais, creat dlíthiúil agus modhanna oibre institiúidí an Aontais Eorpaigh;

— Tuiscint an-mhaith a bheith acu ar obair OLAF;

— Ní mór dóibh a bheith in ann déileáil le gearáin laistigh de sprioc-amanna seasta;

— A léiriú nach bhfuil a neamhspleáchas, a neamhchlaontacht, a sláine agus a n-ionracas inchurtha in amhras;

— Sárscileanna smaointeoireachta straitéisí, criticiúla agus réitithe fadhbanna a bheith acu;

— Scileanna cumarsáide an-mhaith a bheith acu, lena n-áirítear scileanna cumarsáide idirphearsanta;

— Tiomantas láidir a léiriú maidir le timpeallacht oibre dhearfach agus dea-chaidreamh oibre a choinneáil laistigh de OLAF agus le hidirghabhálaithe seachtracha.

([3]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

4. **IARRATAS A DHÉANAMH**

Ní mór do dhaoine a bhfuil spéis acu sa phost a spéis a léiriú tríd an bhfeidhmchlár cvOnline ([4]).

Sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann tú gach ceann de na riachtanais incháilitheachta atá liostaithe i bpointe 2 thuas. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta nach gcomhlíonann iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Ní mór duit seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat chun gur féidir leat clárú, agus bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Iarrtar ar iarrthóirí na teangacha uile de chuid an Aontais Eorpaigh atá acu a shonrú mar aon leis an leibhéal comhfhreagrach eolais i gcomhréir le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ([5]).

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas.

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

Ar chúiseanna feidhmiúla agus d'fhonn an próiseas roghnúcháin a chur i gcrích chomh tapa agus is féidir ar mhaithe leis na hiarrthóirí agus leis na hinstitiúidí araon, is i mBéarla a dhéanfar an próiseas roghnúcháin ([6]).

Sprioc-am

Is é an 9 Meán Fómhair 2021, an spriocdháta le clárú. Ní féidir clárú ar líne tar éis 12.00 meán lae, am na Bruiséile.

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

5. **AN PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN**

Tarraingeoidh an Coimisiún Eorpach suas painéal roghnúcháin chun na hiarratais go léir a gheofar a mheas.

Déanfaidh an painéal cáilíochtaí, taithí agus spreagthacht na n-iarrthóirí incháilithe uile a mheas agus a chur i gcomparáid le chéile, ar bhonn a n-iarratas. Eiseoidh an painéal tuairim ina mbeidh gearrliosta de thriúr iarrthóirí atá cuícháilithe le haghaidh feidhm an Rialaitheora ráthaíochtaí nós imeachta.

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach an gearrliosta iarrthóirí cuícháilithe a fhormheas agus rachaidh sé i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle.

Déanfaidh an Coimisiún Eorpach an Rialaitheoir ráthaíochtaí nós imeachta a cheapadh.

6. **COMHDHEISEANNA**

Cuireann institiúidí agus comhlachtaí eile an Aontais Eorpaigh beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann siad iarratais gan aon idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach.

([4]) https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/CV_Encadext/index.cfm?fuseaction=premierAcces

([5]) https://www.coe.int/en/web/common-european-framework-reference-languages/table-1-cefr-3.3-common-reference-levels-global-scale

([6]) Féachfaidh an painéal roghnúcháin chuige nach dtabharfar aon bhuntáiste míchuí do chainteoirí dúchais.

7. **NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASANNA**

Sula rachaidh an Rialaitheoir i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go mbeidh sé ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

Sula rachaidh sé i mbun a chuid dualgas, beidh sé de cheangal air na nithe seo a leanas a chur isteach:

— dearbhú go bhfuil sé tiomanta do bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal,

— dearbhú ina mbeidh na gníomhaíochtaí eile go léir a rinne sé liostaithe, agus

— dearbhú i leith aon leas a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

— achoimre ar a thaifead coiriúil.

Trí iarratas a dhéanamh, deimhneoidh na hiarrthóirí go bhfuil siad toilteanach na dearbhuithe sin a chur ar fáil.

8. **COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA**

Déanfar an Rialaitheoir a cheapadh ina Chomhairleoir Speisialta de réir bhrí Airteagal 5 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Cuirfear síneadh le conradh an Chomhairleora Speisialta chun fad na tréimhse oifige a chumhdach. Íocfar an Rialaitheoir ar bhonn *per diem* trí thagairt do AD 14, céim 1, buntuarastal, as na laethanta a oibríonn sé ([7]) ([8]). Mar sin féin, iar-oifigigh de chuid an Aontais a bhfuil pinsean scoir á fháil acu, ní bhfaighidh siad luach saothair; ní bheidh siad i dteideal aisíocaíochta ach ar chostais taistil agus lóistín.

I gcomhréir leis na forálacha atá i bhfeidhm laistigh den Choimisiún dá bhaill foirne, déanfaidh an Coimisiún costais taistil agus lóistín a thabhóidh an Rialaitheoir a aisíoc ar éileamh le doiciméid tacaíochta, mar aon le liúntas laethúil chun costais eile a chumhdach.

9. **RÚNDACHT GHAIRMIÚIL**

Staonfaidh an Rialaitheoir ó aon nochtadh neamhúdaraithe faisnéise a fuair sé agus a chúraimí á ndéanamh aige, murab é gur nochtadh an fhaisnéis sin don phobal cheana nó go bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi. Leanfaidh an Rialaitheoir de bheith faoi cheangal na hoibleagáide sin tar éis dheireadh a thréimhse oifige.

Ní dhéanfaidh an Rialaitheoir, gan cead ón gCoimisiún, faisnéis a bheidh ar eolas aige de bharr a dhualgas, a nochtadh, ar aon chúis in aon imeachtaí dlíthiúla. Ní dhiúltófar cead a thabhairt ach amháin má theastaíonn sin de réir leasanna an Aontais agus nach mbeadh iarmhairtí coiriúla ann don saineolaí de thoradh an diúltaithe sin. Leanfaidh an Rialaitheoir de bheith faoi cheangal na hoibleagáide sin tar éis dheireadh a thréimhse oifige. (Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an Rialaitheoir ná maidir leis an iar-Rialaitheoir agus fianaise á tabhairt aige os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó os comhair Bord Araíonachta institiúide maidir le hábhar a bhaineann le seirbhíseach nó iar-sheirbhíseach an Aontais Eorpaigh).

10. **SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT**

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([7]) 22 lá oibre in aghaidh na míosa, is é sin an meán.

([8]) Is féidir breathnú ar uasdátú bliantúil 2020 ar luach saothair agus pinsin oifigigh agus sheirbhísigh eile de chuid an Aontais anseo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:52020XC1211%2801%29&from=FR

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).